North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

PÁIPÉAR CATT LAN 1 (11) JC

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

FORMÁID RANNACH AN FHORAIS TEANGA

OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT NA COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS, ARD MHACHA

7 IÚIL 2011

DRÉACHT-CHOMHRÁITEAS

1. Tionóladh an dara cruinniú déag den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas i bhformáid rannach an Fhorais Teanga in Ard Mhacha ar an 7 Iúil, 2011. I láthair ag an gcruinniú bhí Séamus Ó Duibhneacháin TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Carál Ní Chuilín MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Donncha Mac Fhionnlaoich TD, an tAire Stáit le freagracht speisialta as Gnóthaí Gaeltachta agus Aire Sóisearach in OCALCA, Jonathan Bell MLA. Ba é an tAire Ó Duibhneacháin a bhí ina chathaoirleach ar an gcruinniú.

2. Tugadh aghaidh ag an gcruinniú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an bhForas Teanga agus lena dhá chomhghníomhaireacht, Tha Boord o Ulstèr Scotch (Gníomhaireacht na hUltaise) agus Foras na Gaeilge.

TUAIRISCÍ AR DHUL CHUN CINN agus CUR I LÁTHAIR

3. Rinne Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise cur i láthair don Chomhairle agus thug siad tuairiscí ar dhul chun cinn di ar chomhoibriú agus ar ghníomhaíochtaí eile a bhíonn ar bun ag an dá ghníomhaireacht, lena n-áirítear:

- comhfhorbairt sa bhreis ar an tsraith léachtaí 'Gnéithe dár nOidhreacht Choiteann' agus pleananna chun léachtaí oideachais phobail a chur ar fáil sa tráthnóna i gcomhar le comhairlí áitiúla;

- seastáin chomhfhaisnéise a chur ar fáil ag ócaidí amhail an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Taispeántas Talmhaíochta Chaisleán Uidhilín agus an *Stormont Family Fun Day*.

- an chéad chóras creidiúnaithe d'eagarthóirí Gaeilge a rinne Foras na Gaeilge a reáchtáil an 25 Meitheamh 2011 agus seoladh tacaí nua don earnáil aistriúcháin Ghaeilge;

- faomhadh do chistiú do 50 campa samhraidh a chuireann deiseanna luachmhara ar fáil do leanaí chun an Ghaeilge a labhairt lasmuigh den scoil, agus do 47 féile chun an teanga a chur chun cinn sa phobal i gcoitinne;

- faomhadh ó Ghníomhaireacht na hUltaise do beagnach 300 deontas do phobail chosmhuintire chun ceol agus damhsa a theagasc agus do 32 féile Ultach-Albanach, agus Scéim na nOibrithe Pobail a leathnú ar scéim í a bhfuil tionchar deimhneach aici ar ghníomhaíochtaí Ultacha-Albanacha trí líon na ndaoine sna grúpaí pobail a mhéadú; agus

- raon clár oideachais á chur ar fáil ag Gníomhaireacht na hUltaise lena n-áirítear 8 gclub iarscoile agus 32 scéim phobail do scoileanna samhraidh ina mbeidh an Ultais á cleachtadh ag leanaí agus ag daoine óga agus ina bhfaighidh siad taithí ar an gcultúr Ultach-Albanach

PLEAN CORPARÁIDEACH 2011-13 AGUS PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2011 AN FHORAIS TEANGA

4. Phléigh an Chomhairle dul chun cinn ar fhorbairt Phlean Corparáideach 2011-2013 agus Phlean Gnó agus Bhuiséad 2011 An Fhorais Teanga.

TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AGUS CUNTAIS AN FHORAIS TEANGA

5. Nótáil an Chomhairle gur cuireadh Cuntais 2007 an Fhorais Teanga faoi bhráid an Oireachtais agus Thionól Thuaisceart Éireann an 10 Meitheamh 2011 agus gur cuireadh obair allamuigh a bhain leis an iniúchadh i gcrích i leith na dTuarascálacha Bliantúla agus na gCuntas don bhliain 2008 agus don bhliain 2009 agus go ndéanfar an comhdhlúthú a luaithe agus is féidir. Tá dréachtchuntais comhdaithe i leith na bliana 2010.

6. Nótáil an Chomhairle go bhfuil sé beartaithe próiseas nua comhdhlúthaithe atá níos simplí a thabhairt isteach chomh luath agus is féidir agus go dtabharfar tuairisc bhreise ar dhul chun cinn ag an gcéad chruinniú eile d'Fhoras Teanga CATT.

ATHBHREITHNIÚ FHORAS NA GAEILGE AR CHOMHLACHTAÍ BUNMHAOINITHE

7. Nótáil an Chomhairle go bhfuil na dréachtscéimeanna go léir atá riachtanach chun moltaí an Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm dréachtaithe anois. Tá Cleachtadh comhairliúcháin phoiblí ar siúl faoi láthair. Tar éis na tuairimí a thabharfar le linn an chleachtaidh chomhairliúcháin a bhreithniú, iarrfar faomhadh ón mBord agus ó na hAirí Airgeadais, sula gcuirfear na scéimeanna faoi bhráid CATT ag an gcéad chruinniú eile lena bhfaomhadh.

8. D'aontaigh an Chomhairle, ach leanúint le dul chun cinn sásúil a bhaint amach, go bhféadfadh Foras na Gaeilge leanúint, go dtí dheireadh mhí Mheithimh 2012, le cistiú eatramhach a chur ar fáil d'eagraíochtaí a bhfuil cistiú á fháil acu i láthair na huaire. Tabharfar tuairisc eile ar dhul chun cinn ag an gcéad chruinniú eile de CATT i bhFormáid Rannach Teanga.

LEASUITHE GHNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE AR AN SCÉIM UM CHÚNAMH AIRGEADAIS

9. Nótáil an Chomhairle moltaí an athbhreithnithe ar scéim chúnaimh airgeadais Ghníomhaireacht na hUltaise.

DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE

10. D'aontaigh an Chomhairle go dtionólfar an chéad chruinniú eile i bhformáid rannach Teanga le linn Dheireadh Fómhair/mhí na Samhna 2011

Comhrúnaíocht
7 Iúil 2011